



NPWS An tSeirbhís Páirceanna
Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife
Service

Séasúr neadaithe na n-éan agus fásra a bhaint

Ceisteanna Coitianta

Cuspóir an Doiciméid seo

Tugann an doiciméad seo freagraí ar cheisteanna coitianta faoi chosaint na n-éan atá ag neadú mar a fhoráiltear in Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra 1976, arna leasú¹. Cé go dtugann go leor de na ceisteanna seo aghaidh ar bhaint nó ar ghearradh fáлта sceach, ba chóir a thabhairt faoi deara go neadaíonn éin i raon leathan suíomhanna lena n-áirítear crainn, toir agus foirgnimh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag cosaintí reachtúla eile le haghaidh éin, neadacha, uibheacha agus fásra freisin, lena n-áirítear Alt 22 den Acht um Fhiadhúlra agus Airteagal 5 de Threoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le toiliú ar leithligh a thabhairt i gcás gníomhaíochtaí i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus i Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) sula ndéantar iad. Má tá amhras ort, lorg comhairle dhlí nó téigh i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS).

Tá an doiciméad seo beartaithe chun eolas a thabhairt agus aird a tharraingt agus ní sholáthraíonn sé comhairle dhlíthiúil ná léirmhíniú. Coimeádann an NPWS an ceart athbhreithniú, leasú nó athrú a dhéanamh ar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil anseo, nó í a scriosadh am ar bith. Ní bheidh an NPWS freagrach as ábhar an doiciméid ná as athbhreithniú, athruithe ná leasuithe ar bith a dhéantar air, ná rudaí atá scriosta, agus ní bheidh siad faoi dhliteanas ina leith

“Tabhair faoi deara:

Tabhair faoi deara gur chun críocha treorach amháin é an doiciméad seo. Cé gur glacadh gach cúram agus an doiciméad seo á ullmhú, tá sé

¹ Tabhair do d'aire le do thoil gur leasaíodh an tAcht um Fhiadhúlra roinnt uaireanta san am atá caite. Tá an leagan is déanaí ar fáil ag <https://revisedacts.lawreform.ie/eli/1976/act/39/revised/en/html>. Tabhair do d'aire gur comhdhlúthú neamhoifigiúil é seo, agus go bhfuil sé ullmhaithe ar mhaithe le héascaíocht tagartha amháin.

tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil nósanna imeachta faoi réir athraithe de bharr athruithe reachtacha agus cásdlí. Níor cheart dul i muinín na faisnéise sa doiciméad seo mar fhaisnéis atá ina comhairle dlí, nó atá ina hionadaíocht ar chomhairle dlí. Féadfaidh sé go mbeidh gá le comhairle dlí nó le comhairle ghairmiúil eile in aon chás áirithe. I gcás ceist nó tuairim ar bith i ndáil leis an doiciméad seo, déan teagmháil le info@npws.gov.ie”

Cén fáth a bhfuil fáлта sceach thábhachtach?

Is gné ríthábhachtach de thírdhreach na hÉireann iad fáлта, ag feidhmiú mar teorainneacha nádúrtha atá comhdhéanta de shraitheanna dlútha toir agus crann. Is gné uathúil de thírdhreach na hÉireann iad fáлта sceach, agus tá ról tábhachtach acu i mbithéagsúlacht, talmhaíocht agus oidhreacht chultúrtha. Tá a n-aois, a méid agus a struchtúr go léir difriúil, toisc go bhfuil roinnt fáлта sceach ann ar feadh na céadta bliain agus go bhfuil crainn fáлта chomh maith le fásra deilgneach dlúth agus raon bláthanna fiáine iontu. Cruthaíonn cuid de na fáлта sceach is sine teorainneacha stairiúla idir bailte fearainn nó Contaetha.

De ghnáth bíonn meascán ilghnéitheach de speicis plandaí dúchasacha i bhfálta sceach, rud a chuireann lena dtábhacht éiceolaíoch. Cuireann na fáлта beo seo gnáthóg agus foscadh ar fáil don fhiadhúlra, tacaíonn siad le pailneoirí, agus feidhmíonn siad mar chonairí do ghluaiseacht speiceas trasna gnáthóga scoilte. Ina theannta sin, cuireann fáлта le caomhnú ithreach, rialáil uisce, agus luach scéimhe ceantar tuaithe. Mar sin féin, tá laghdú suntasach tagtha ar fhad na bhfálta sceach in Éirinn, agus suas le 6,000 ciliméadar d'fhálta sceach caillte gach bliain, rud a imríonn tionchar ar bhithéagsúlacht agus ar tháirgiúlacht talmhaíochta.



Léaráid 1 Fál sceach le speicis talamh féaraigh dúchasacha ag fás i stráice d' imeall páirce.

Cathain is féidir fásra a ghearradh/a bhaint?

Baineann bithéagsúlacht fálta leas as méid áirithe gearradh rialta chun éagsúlacht speiceas plandaí éagsúla a chothabháil agus cosc a chur ar na plandaí níos bríomhaire struchtúr an fháil a chlúdach go hiomlán. Mar sin féin, is féidir le gearradh ag amanna áirithe den bhliain cur isteach agus damáiste a dhéanamh d'éin ghoir, dá neadacha agus dá n-uibheacha – agus tá siad seo go léir faoi chosaint dlí na hÉireann agus dlí an AE.

Díríonn Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra ar chosc a chur ar chur isteach ar éin le linn shéasúr an ghoir trí theorainn a chur ar fhásra a gearradh agus a bhaint (lena n-áirítear fálta sceach) le linn thréimhse neadaithe na n-éan.

Faoi Alt 40, ní cheadaítear fásra a ghearradh nó a bhaint ach amháin ón **1 Meán Fómhair go dtí an 28 Feabhra**. Faoi Acht um Fhiadhúlra, tá cosc ar fhásra atá ag fás ar thalamh neamhshaothraithe nó ar fhálta sceach a ghearradh, a ghráfadh, a dhó nó a scriosadh lasmuigh den thréimhse seo, chun éin atá ag neadú agus

fiadhúlra eile a chosaint le linn a séasúir ghoir ríthábhachtaigh. Cé go gceadaítear fásra a bhaint laistigh den tréimhse seo faoi Alt 40, má scriostar neadacha nó má chuirtear isteach ar éin atá ag neadú dá bharr, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin a bheith mídhleathach fós faoi Alt 22 den Acht um Fhiadhúlra.

Tá sé de dhualgas ar úinéirí talún a chinntiú go gcomhlíonann siad na rialacháin agus iad ag bainistiú fálta sceach agus fásra eile ar a maoin. Áirítear leis seo a bheith ar an eolas faoi shéasúir ghora agus réamhchúraimí riachtanacha a ghlacadh chun fiadhúlra a chosaint, amhail monatóireacht a dhéanamh ar fhásra le haghaidh gníomhaíocht neadaithe (amhail neadacha áitithe nó neadacha ina bhfuil uibheacha) sula ndéantar aon ghearradh nó baint.



Léaráid 2 Ba cheart cothabháil fálta sceach a dhéanamh lasmuigh de shéasúr neadaithe na n-éan.

An bhfuil aon díolúintí ann a cheadaíonn gearradh/baineadh fásra le linn shéasúr neadaithe na n-éan?

Aithnítear in Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra go bhféadfadh roinnt cúinsí a bheith ann ina mbeadh gá le bearradh fálta ar chúiseanna sonracha agus tábhachtacha agus dá bhrí sin go bhféadfadh sé tarlú nuair a bhíonn cosc ar ghníomhaíochtaí den sórt

sin de ghnáth. Ní bhaineann na díolúintí seo ach le raon an-teoranta cúinsí, agus mínítear iad seo thíos.

Ní sháraíonn na díolúintí seo Alt 22 den Acht um Fhiadhúlra ná an Treoir maidir le hÉin, a chuireann cosaint ar fáil d'éin agus do neadacha ar feadh na bliana. Fiú má tá díolúine faoi Alt 40 i bhfeidhm, féadfaidh ceanglais dhlíthiúla breise a bheith i bhfeidhm fós. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin, má tá an ghníomhaíocht le tarlú laistigh de SAC nó SPA, go bhféadfaidís seo cáiliú mar “ghníomhaíochtaí a éilíonn toiliú” (ARCanna) agus go mbeadh údarú ón NPWS ag teastáil ina leith. Is féidir tuilleadh eolais faoi ARCanna a fháil ar shuíomh gréasáin an NPWS.

Tá úinéirí talún agus a ngníomhairí, nuair is cuí, (e.g. conraitheoirí tírdhreacha), freagrach as an gcinneadh a dhéanamh faoina gcúinsí agus má bhaineann díolúine leo. Moltar taifid a choinneáil ar ghníomhaíochtaí den sórt sin agus na cúiseanna le baint an fhásra a thaifeadadh i gcás imscrúdú a dhéanamh ag an NPWS ar sháruithe líomhnaithe ar Alt 40.



Léaráid 3 Spideog (*Erithacus rubecula*) i bhfál.

Sláinte agus Sábháilteacht Phoiblí

Forálann Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra gur féidir le hAire nó le comhlacht atá bunaithe nó rialaithe faoi reacht cead a thabhairt chun fáлта a ghearradh nó fásra a bhaint le linn aon obair chun sláinte nó sábháilteacht an phobail a chinntiú. Mar shampla, i gcásanna ina bhfuil gá le bearradh fáлта chun bac ar bhóithre poiblí a chosc nó chun amharclínte a choinneáil ag acomhail.. Ar an mbealach céanna, ceadaíonn Alt 70 d'Acht na mBóithre 1993 crann, tor, fál nó fásra eile a leagan, a bhearradh, a ghearradh nó a bhaint.

Gníomhaíochtaí talmhaíochta

Aithníonn Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra díolúintí i gcás gearradh fásra a dhéantar *“le linn gníomhaíochtaí talmhaíochta.”* Ar bhonn ginearálta, baineann díolúintí talmhaíochta le gníomhaíochtaí atá riachtanach chun rochtain ar fheirmeacha, gluaiseacht innealra, nó bainistiú beostoic agus táirgiúlacht talún feirme a choinneáil, amhail teorainneacha páirce a bhearradh chun cosc a chur ar chúngú ar thalamh curaíochta. Is é cuspóir an dlí an bhainistíocht talmhaíochta riachtanach a cheadú agus luach bithéagsúlachta na bhfálta sceach a chosaint ag an am céanna. Mar sin féin, ní sháraíonn na díolúintí seo an chosaint dhlíthiúil a thugtar chun cosaint a thairiscint d'éin agus do neadacha ar feadh na bliana.

Bearradh Fáil i nGairdíní Príobháideacha

I gcás ina gcaithfear fáлта laistigh de ghairdíní príobháideacha nó timpeall orthu a bhearradh le linn gnáthchleachtais sa ghairneoireacht, nó cineálacha eile de bhaint fásra, meastar go bhfuil feidhm ag an díolúine seo. Mar sin féin (agus mar atá i gcás gach gníomhaíocht eile a mheastar a bheith “díolmhaithe” ó na gnáthsrianta

gearrtha) má aimsítear neadacha nó éin goir, b'fhéidir go gcaithfear na hoibreacha seo a chur ar fionraí chun cur isteach nó dochar díreach a sheachaint.

Oibreacha tógála

D'fhéadfadh baint fásra, nó oibreacha ar fhásra a bhaineann le tógáil bóthair nó tionscadail forbartha eile, a bheith díolmhaithe ó shrianta ar ghearradh fásra faoi Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra.

I gcás ina bhfuil cead pleanála tugtha d'fhorbairtí den sórt sin, d'fhéadfadh coinníollacha a bheith ag gabháil leis an gcead agus d'fhéadfadh srianta ar leithligh a bheith i bhfeidhm maidir le fásra a bhaint. D'fhéadfadh na coinníollacha seo a bheith i bhfeidhm chun éin neadaithe sna gnáthóga sin a chosaint. D'fhéadfadh sé seo an díolúine dá dtagraítear thuas a bhaint agus ciallaíonn sé nach féidir an fásra sin a bhaint le linn an séasúr neadaithe.

Ba chóir d'úinéirí talún agus dá ngníomhairí a thabhairt faoi deara nach gceadaíonn díolúintí faoi Alt 40 fásra a bhaint le haghaidh forbairtí tuairimíochta nó forbairtí amach anseo go huathoibríoch, agus nár cheart dóibh baint fásra réamhchoisctheach a dhéanamh, chun moilleanna a sheachaint a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar na srianta reachtúla maidir le cathain is féidir gearradh a dhéanamh. Níor cheart go mbeadh feidhm ag an díolúine seo ach amháin i gcás ina bhfuil rún dáiríre ann oibreacha tógála a dhéanamh.

Ba chóir d'úinéirí talún a bheith ar an eolas go bhféadfadh fásra a bhaint chun srianta amach anseo a sheachaint sárú a dhéanamh ar dhlíthe fiadhúlra fós má bhíonn tionchar ag éin neadaithe.



Léaráid 4 Fálta sceach a bhaint ag baint úsáide as innealra.

Fásra marbh, briste agus tarraingthe a bhainistiú

Baineann na srianta ar ghearradh/bhaint fásra dá dtagraítear in Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra le fásra atá ag fás ar thalamh, agus dá bhrí sin, ní bhaineann siad le hoibreacha ar chrainn ná ar fhálta sceach nach bhfuil ag fás a thuilleadh (i.e. atá tarraingthe as a bhfréamhacha nó briste).

Féadfaidh úinéirí talún fásra marbh a ghearradh agus a bhaint, ach moltar go láidir dóibh é sin a dhéanamh lasmuigh de shéasúr neadaithe na n-éan, mar go mbeidh feidhm fós ag cosaint dhlíthiúil na n-éan neadaithe, a neadacha agus a n-uibheacha.

Cásanna éigeandála

I gcásanna éigeandála, amhail drochaimsir a chruthaíonn guaiseacha, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearradh fáil chun na rioscaí a laghdú. Mar sin féin, ní sholáthraíonn Alt 40 díolúine ó na srianta ach amháin i gcás ina bhfuil an

ghníomhaíocht á déanamh ar chúiseanna sláinte phoiblí nó sábháilteachta, seachas gearradh atá de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar riosca féideartha sa todhchaí.

I measc samplaí de chásanna ina bhféadfadh an díolúine seo a bheith i bhfeidhm tá gearradh craobhacha nó crainn neamhshábháilte os cionn bóithre poiblí tar éis damáiste stoirme, nó baint fásra i gcás ina bhféadfadh gar-riosca dóiteáin a bheith ann.

I gcás ina bhféadfadh riosca intuartha a bheith ann don tsláinte agus don tsábháilteacht sa todhchaí, moltar fásra a ghearradh lasmuigh den séasúr neadaithe. Beidh feidhm fós ag cosaint dhlíthiúil éan neadaithe, neadacha agus a n-uibheacha beag beann ar chúiseanna sláinte phoiblí nó sábháilteachta.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon díolúine ann maidir le fásra a dhó le linn an tséasúir choiscthe.

Nóta: Cé go bhfuil díolúintí ann a cheadaíonn gearradh/baineadh fásra, is cion fós é faoi Alt 22 de na hAchtanna um Fhiadhúlra uibheacha nó nead éin fhiáin faoi chosaint a scriosadh, a ghortú nó a mhilleadh d'aon ghnó, nó cur isteach d'aon ghnó ar éan fiáin faoi chosaint ar nead ina bhfuil uibheacha nó ógánaigh nach féidir leo eitilt fós nó in aice leis ag am ar bith den bhliain. Dá bhrí sin, moltar go láidir aon oibreacha a dhéanamh lasmuigh den séasúr neadaithe beag beann ar na cúiseanna atá leis na hoibreacha nuair is féidir.

Más gá oibreacha a dhéanamh nuair a d'fhéadfadh neadacha agus/nó éin ghoir a bheith i láthair, beidh sé riachtanach seiceáil a dhéanamh le haghaidh neadacha agus/nó éin ghoir sula ndéantar na hoibreacha sin ionas gur féidir na cionta sin a sheachaint.

Tabhair faoi deara go dtógfaidh roinnt speiceas éan neadacha agus go mbéarfaidh siad uibheacha go luath nó go déanach sa séasúr goir agus b'fhéidir lasmuigh den tréimhse shrianta freisin. Cé go dtarlaíonn formhór na gníomhaíochta ghoir idir míonna an Mhárta agus Lúnasa, tá baol ann go gcuirfear isteach ar éin lasmuigh den tréimhse seo.



Léaraid 5 Sicíní lon dubh (*Turdus merula*) i nead laistigh d'fhál sceach.

Cad iad na pionóis as an dlí a bhriseadh?

Féadfar fíneálacha suntasacha suas le €5,000 a ghearradh ar dhaoine a fhaightear ciontach i mbearradh nó i mbaint fásra go mídhleathach le linn an tséasúir choiscthe contrártha d'alt 40 den Acht um Fhiadhúlra.

D'fhéadfadh go n-iarrfadh an Chúirt ar chiontóirí freisin an ghnáthóg a athchóiriú nó íoc as an damáiste a rinne siad don chomhshaol de bharr a ngníomhartha.

D'fhéadfadh athphlandáil fála a bheith i gceist leis seo nó bearta eile chun an tionchar ar an bhfiadhúlra a laghdú. Chomh maith leis an ionchúiseamh, déanfar an sárú a thuairisciú chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus féadfar pionós a ghearradh ar íocaíochtaí bunaithe ar limistéar an fheirmeora/na bhfeirmeoirí más infheidhme.

Thar na pionóis dhlíthiúla, d'fhéadfadh dochar a bheith do chlú daoine aonair nó gnólachtaí má fhaightear amach go bhfuil siad ag sárú dlíthe cosanta fiadhúlra, rud

a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar chaidreamh pobail agus ar dhearcadh an phobail.



Léaráid 6 Fál tógtha chun cosc a chur ar innealra a bheith ag obair gar d'fhálta sceach

Cé ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis má tá amhras ort go bhfuil coir déanta?

Is féidir sáruithe amhrasacha ar Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra a thuairisciú chuig **WildlifeEnforcement@npws.gov.ie**, chuig d'oifig áitiúil de chuid an NPWS <https://www.npws.ie/contact-us> nó chuig an nGarda Síochána.



NPWS

An tSeirbhís Páirceanna
Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife
Service

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus
Oidhreachta